

**An Bhruiséil, 16 Iúil 2025
(OR. en)**

**11556/25
ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0231(NLE)**

**CYBER 212
COPEN 211
JAI 1067
COPS 382
RELEX 999
JAIEX 79
TELECOM 244
POLMIL 210
CFSP/PESC 1148
ENFOPOL 269
DATAPROTECT 154**

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	16 Iúil 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2025) 417 annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta; Comhar Idirnáisiúnta a Neartú chun Coireanna Áirithe a Chomhrac arna nDéanamh trí bhíthin Córais Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide agus chun Fianaise ar Choireanna Tromchúiseacha a Chomhroinnt i bhFoirm Leictreonach

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 417 final annex.

Faoi iamh: COM(2025) 417 final annex



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.7.2025
COM(2025) 417 final

ANNEX 1

IARSCRÍBHINNÍ

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta; Comhar Idirnáisiúnta a Neartú chun Coireanna Áirithe a Chomhrac arna nDéanamh trí bhíthin Córais Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide agus chun Fianaise ar Choireanna Tromchúiseacha a Chomhroinnt i bhFoirm Leictreonach

IARSCRÍBHINN I

Forchoimeádais agus fógraí

1. Gníomhóidh an tAontas agus na Ballstáit i gcomhréir leis na tásca thíos a mhéid a bhaineann le forchoimeádais, dearbhuithe, fógraí nó teachtaireachtaí, agus breithnithe eile.

FORCHOIMEÁDAIS

2. Níl foráil ar leith maidir le forchoimeádais i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta. Ina ionad sin, ceadaítear go sainráite do Pháirtí a dhearbhu go mbaineann sé leas as forchoimeádas dá bhforáiltear i roinnt d'airteagail an Choinbhinsiúin (Airteagal 11, mír 3; Airteagal 23, mír 3(a); Airteagal 23, mír 3(b) chausette; Airteagal 42, mír 5; Airteagal 63, míreanna 3 agus 4.
3. Ar an mbonn sin, déanfaidh an tAontas agus na Ballstáit forchoimeádas bunaithe ar Airteagal 63 mír 3 ina léireofar nach measann siad go bhfuil siad faoi cheangal ag Airteagal 63 mír 2 maidir le díospóidí a réiteach.
4. Nuair a bheidh na Ballstáit ag smaoineamh ar a bhforchoimeádais féin a dhéanamh maidir le saincheisteanna inniúlachta náisiúnta, cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas 2 mhí roimh ré.
5. Na coinníollacha agus na coimircí maidir le cearta an duine a aithnítear agus dá bhforáiltear sa Choinbhinsiún seo, lena n-áirítear iad siúd in Airteagal 6; Airteagal 21, mír 4; 24: 36; Airteagal 37, mír 15, Airteagal 40, mír 22, is cuid dá chuspóir iad agus, dá bhrí sin, ní fhoirmeoidh na Ballstáit forchoimeádais maidir leis na hairteagail sin. Ba cheart agóid a dhéanamh i gcoinne aon fhorchoimeádas den sórt sin ó Stáit is Páirtithe nach de chuid an Aontais Eorpaigh iad sa Choinbhinsiún mar fhorchoimeádas a théann in aghaidh chuspóir an Choinbhinsiúin.

FÓGRAÍ

6. Leis an gCoinbhinsiún, ceanglaítear ar Pháirtí fógraí a thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 40, míreanna 12(c) agus 13; Airteagal 41, mír 5; Airteagal 67, mír 1.
7. Ceanglaítear leis an gCoinbhinsiún freisin ar Pháirtí ainm agus seoladh údaráis atá freagrach as iarrataí ar eiseachadadh nó ar ghabháil shealadach a dhéanamh nó a fháil a chur in iúl d'Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe i gcomhréir le hAirteagal 37, mír 19.
8. Cuirfidh na Ballstáit in iúl d'Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe ainm agus seoladh údaráis atá freagrach as iarrataí ar eiseachadadh nó ar ghabháil shealadach a dhéanamh nó a fháil faoi Airteagal 37 mír 19 agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi sin.
9. Tabharfaidh an tAontas agus na Ballstáit fógra d'Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe maidir leis an údarás lárnach nó na húdaráis lárnacha ar a bhfuil an fhreagracht agus ag a bhfuil an chumhacht iarrataí ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach a fháil faoi Airteagal 40 mír 12(c) agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi sin.

10. Tabharfaidh an tAontas agus na Ballstáit fógra d'Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe faoin teanga nó faoi na teangacha atá inghlactha ag na Ballstáit faoi Airteagal 40 mír 13 agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi sin.
11. Tabharfaidh na Ballstáit fógra d'Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe maidir leis an bpointe teagmhála a bheidh ar fáil 24 uair an chloig in aghaidh an lae, 7 lá na seachtaine faoi Airteagal 41 mír 2 agus coimeádfaidh siad clár cothrom le dáta de phointí teagmhála agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi sin.
12. Staonfaidh na Ballstáit ó fhógra a thabhairt d'Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe maidir le séanadh an Choinbhinsiúin faoi Airteagal 67 mír 1 mura rud é go mbeidh cinneadh glactha ag an gComhairle gur cheart don Aontas an Coinbhinsiún a shéanadh.